Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9775/24**

**LIMITE**

**ENER 222**
**ENV 504**
**CLIMA 198**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Comhaontú Glas don Eoraip - Staid na himeartha agus an bealach chun cinn<br>= Seisiún tuairimíochta |

I bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 30 Bealtaine 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an plépháipéar ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha agus an bealach chun cinn i ndáil leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

PUBLIC

**Plépháipéar ón Uachtaránacht**
**An Comhaontú Glas don Eoraip**

**Staid na himeartha agus an bealach chun cinn**

**Ó seoladh an Comhaontú Glas don Eoraip níos lú ná 5 bliana ó shin, tá an creat beartais agus rialála cumasúcháin curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na comhreachtóirí chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach agus chun an Eoraip a choinneáil ar an mbóthar ceart maidir le haeráidneodracht agus geilleagar inbhuanaithe faoi 2050.** Go gairid tar éis di dul i mbun oifige, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen an Comhaontú Glas don Eoraip[1] mar straitéis uileghabhálach fáis arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní. Laistigh den straitéis sin, gheall an Coimisiún go rachadh sé i ngleic le dúshláin fuinnimh, aeráide agus chomhshaoil agus go mbainfeadh sé aeráidneodracht amach faoi 2050, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

Sa chomhthéacs sin, faoi 2024, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir le líon mór tionscnamh reachtach a bhaineann le fuinneamh - a bhfuil a bhformhór i bhfeidhm anois - chun tírdhreach an fhuinnimh san Eoraip a athrú ó bhonn go ceann blianta amach anseo. Anuas air sin, tá ról lárnach ag pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna) na mBallstát lena áirithiú go mbainfear amach spriocanna comhaontaithe uile-Aontais agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais. Trí chreat pleanála straitéisí réamhbhreathnaitheach uile-Eorpach a thabhairt isteach den chéad uair, rannchuidíonn na PFNAnna le cobhsaíocht agus intuarthacht beartais, rud a sholáthraíonn an chinnteacht is gá d'infheisteoirí chun infheistíochtaí san aistriú chuig fuinneamh glan a spreagadh.

1 COM(2019) 640 final.

**Agus an t-aistriú glan ag dul isteach i gcéim a chur chun feidhme, ní mór díriú anois ar thorthaí a bhaint amach go tapa agus go haonfhoirmeach ar bhonn an chreata chomhaontaithe ar fud Bhallstáit uile an Aontais.** Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le linn na chéad 5 bliana den Chomhaontú Glas don Eoraip, beidh gá le hiarrachtaí breise chun fanacht ar an mbóthar ceart maidir le spriocanna méadaithe 2030 an Aontais i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear an creat reachtach nuashonraithe a chur chun feidhme go pras agus go hiomlán sna Ballstáit, bailchríoch a chur ar na PFNAnna atá i gcomhréir leis an leibhéal uaillmhéine a comhaontaíodh agus creat éascaithe a chruthú lena bhfreastalófar ar na spriocanna thuasluaite agus lena gcumasófar iad a bhaint amach, *inter alia* trí bhonneagar eangaí a leathadh amach.

**Ag an am céanna, tá féidearthacht ann creat reatha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a neartú a thuilleadh d'fhonn tacú níos fearr le hiomaíochas domhanda an Aontais.** Ar aon dul leis sin, ba cheart a mheabhrú gur fhógair an Chomhairle Eorpach, an 17 agus an 18 Aibreán, comhaontú nua Eorpach maidir le hiomaíochas chun geilleagar láidir nuálach athléimneach a thógáil agus chun borradh a chur faoi aistriú iomaíoch an Aontais i dtreo na haeráidneodrachta. Ag an am céanna d'iarr ceannairí an Aontais go mbainfí fíoraontas fuinnimh amach, trí sholáthar fuinnimh fhlúirsigh inacmhainne ghlain a dhaingniú, lena saothraítear an dá chuspóir a leanas: ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa.

Tá gá le tuilleadh leictrithe chun go mbeidh gach earnáil in ann cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach agus iomaíochas a mhéadú agus aistriú cóir a áirithiú do chách. Dá bhrí sin, beidh forbairt eangach leictreachais agus fíorAontas Fuinnimh Eorpach a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach i gcónaí. Maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais, rinneadh dul chun cinn suntasach san athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar chreat an mhargaidh leictreachais. Mar sin féin, beidh dúshláin bhreise ag baint leis an aistriú chuig córas cumhachta atá dícharbónaithe go hiomlán.

PUBLIC

I bhfianaise an mhéid sin, agus i bhfianaise an dul chun cinn shuntasaigh a rinneadh faoi straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ba mhaith le hUachtaránacht na Beilge tuairimí na dtoscaireachtaí a iarraidh maidir leis an dá ghné seo a leanas:

1. Cén chaoi is féidir linn dlús a chur le cur chun feidhme spriocanna 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite? An measann sibh go bhfuil gá le tuilleadh beartas, treorach, moltaí nó sásraí cistiúcháin tiomnaithe de chuid an Aontais chun tacú libh na spriocanna sin a bhaint amach?

2. Ag éirí as an bplé a rinneamar maidir le bonneagar na heangaí leictreachais, cad iad na céimeanna breise (reachtacha agus/nó oibríochtúla) atá ag teastáil chun fíorAontas Fuinnimh a bhaint amach?

PUBLIC